



IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 384 de 2012**

---

NA RIALACHÁIN FÁN ACHT UM SHEIRBHÍSÍ UISCE, 2007 (CLÁRÚ AGUS  
INIÚCHTAÍ), 2012

*[An tiontú oifigiúil]*

NA RIALACHÁIN FÁN ACHT UM SHEIRBHÍSÍ UISCE, 2007 (CLÁRÚ AGUS  
INIÚCHTAÍ), 2012

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hAilt 18 agus Alt 70E (arna chur isteach le hAlt 4 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 (Uimh. 2 de 2012)) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Uimh. 30 de 2007), déanaimse, Pilib Ó hÓgáin, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leis seo na Rialacháin seo a leanas:

*Lua*

1. (a) Féadfar na Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Clárú agus Iniúchtaí), 2012 a ghairm de na Rialacháin seo.

(b) Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh an 3 Deireadh Fómhair 2012.

*Léiriú*

2. Sna Rialacháin seo—

ciallaíonn “Acht” an tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Uimh. 30 de 2007) arna leasú leis an Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 (Uimh. 2 de 2012).

*Táille is Iníoctha*

3. Is €100 an táille a bheidh le forordú faoi alt 70E(2) den Acht.

*Iarratas ar cheapachán mar chigire*

4. Déanfar iarratas go leictreonach san fhormáid a cheanglóidh an Ghníomhaireacht agus soláthrófar cibé faisnéis a cheanglóidh sí chun an t-iarratas a phróiseáil.

*Ceapachán a athnuachan*

5. (a) Beidh gach ceapachán mar chigire bailí ar feadh trí bliana.

(b) Beidh táille €100 iníoctha leis an nGníomhaireacht i leith gach athnuachana ar an gceapachán.

*Critéir chun cigirí a cheapadh*

6. Ní cheapfaidh an Ghníomhaireacht duine chun córais cóireála dramhuisce tí a iniúchadh chun críocha Chuid 4A den Acht ach amháin más rud é:

- (a) go bhfuil cáilíocht ag leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó a coibhéis bainte amach ag an iarratasóir, agus go mbeidh an cháilíocht sin i ndisciplíní foirgníochta, innealtóireachta nó eolaíochta, nó, i gcás nár baineadh cáilíocht den sórt sin amach, gur deimhin leis an nGníomhaireacht, tar éis di cáilíochtaí agus taithí ghairmiúil an duine a bhreithniú faoi threoir na bhfeidhmeanna a bheidh le comhlíonadh ag cigire chun críocha an Achta, go bhfuil an duine inniúil go cuí lena cheapadh nó lena ceapadh mar chigire, agus

*Foilsíodh fógra san “Iris Oifigiúil” an 5 Deireadh Fómhair, 2012, á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtuil seo.*

- (b) gur deimhin léi gur chríochnaigh an t-iarratasóir go rathúil cúrsa oiliúna arna chur ar fáil ag an nGrúpa Náisiúnta Oiliúna Seirbhísí Údarás Áitiúil i ndáil le córais cóireála dramhuisce tí a iniúchadh, agus
- (c) go bhfuil an t-iarratasóir slánaithe ag an údarás seirbhísí uisce iomchuí de réir Alt 29 den Acht.

#### *Ceapachán a chúlghairm*

7. (1) I gcás ina ndéanfaidh an Ghníomhaireacht ceapachán duine mar chigire a chúlghairm, cuirfidh sí, ina painéal de chigirí ceadaithe, nóta i dtaobh chúlghairm an cheapacháin agus i dtaobh an dáta a ndearnadh é a chúlghairm.

(2) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, ag féachaint d'imthosca an cháis, ceapachán cigire a chúlghairm más rud é-

- (a) go mainneoidh cigire freastal ar chúrsa oiliúna tréimhsiúla má iarrann an Ghníomhaireacht air nó uirthi amhlaidh nó cúrsa oiliúna den sórt sin a chríochnú go sásúil, nó
- (b) go mainneoidh cigire déanamh de réir ordacháin arna eisiúint faoi Ailt 70H nó 70J den Acht, nó
- (c) go mainneoidh cigire iniúchadh a dhéanamh ar mhodh cuí agus cóir, nó sonraí, doiciméadacht nó taifid a bheidh sásúil i ndáil le haon iniúchadh den sórt sin a chothabháil nó a chur ar fáil, nó
- (d) go ndéanfaidh cigire cion faoin Acht, nó go gcabhróidh nó go neartóidh sé nó sí lena dhéanamh, nó
- (e) go dtiocfaidh an Ghníomhaireacht ar thuairim nach féidir le cigire feasta a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht a chomhlíonadh go cuí agus go héifeachtúil.

(3) I gcás go ndéanfar ceapachán a chúlghairm, beidh na táillí iarratais a bheidh íoctha leis an nGníomhaireacht neamh-inaisíoctha.

#### *Achomhairc*

8. (1) Féadfaidh duine a ndearnadh a cheapachán nó a ceapachán mar chigire a chúlghairm faoi mhír 7, laistigh de 14 lá ón gcúlghairm sin, achomharc a dhéanamh i gcoinne na cúlghairme chuig oifigeach achomhairc a cheapfar faoi Alt 70E(5) den Acht.

(2) Féadfaidh an t-oifigeach achomhairc an chúlghairm a dhaingniú nó a tharraingt siar agus déanfaidh an Ghníomhaireacht an clár cigirí arna chothabháil aici a anótáil dá réir sin.

#### *Plean iniúchta náisiúnta*

9. Is é an 31 Nollaig 2012 an dáta a fhorordaítear do dhéanamh plean iniúchta náisiúnta ag an nGníomhaireacht de réir Alt 70K den Acht.

*Leasú ar Rialachán 2 de na Rialacháin um Chórais Cóireála Dramhuisce Tí fá na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce (2007 agus 2012) (Clárú), 2012 (I.R. Uimh. 220 de 2012)*

10. Leasaítear Rialachán Uimh. 2 trí “an tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Uimh. 30 de 2007) arna leasú leis an Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 (Uimh. 2 de 2012)” a chur in ionad “an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 (Uimh. 2 de 2012)”.



ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,  
2 Deireadh Fómhair 2012.

PILIB Ó hÓGÁIN,  
Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

## NÓTA MÍNIÚCHÁIN

*(Ní cuid den ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é).*

Is é is cuspóir do dhéanamh na Rialachán seo na nósanna imeachta agus na critéir i ndáil le hiarratais a shonrú, is nósanna imeachta agus critéir nach mór a chomhlíonadh roimh cheapachán mar chigire chun críocha Chuid 4A den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007, arna cur isteach le hAlt 4 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a ndéantar ceapachán a fhionraí nó a fhoirceannadh dá mbarr.

Déantar socrú sna Rialacháin freisin go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an plean iniúchta náisiúnta i gcomhair córais cóireála dramhuisce tí faoin 31 Nollaig 2012.

BAILE ÁTHA CLIATH  
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR  
Le ceannach díreach ón  
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,  
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,  
nó tríd an bpost ó  
FOILSEACHÁN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,  
AONAD 20 PÁIRC MIONDÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS,  
CONTAE MHAIGH EO,  
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 094 - 9378964 nó 01 - 6476843)  
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN  
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE  
To be purchased directly from the  
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE  
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,  
or by mail order from  
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,  
UNIT 20 LAKESIDE RETAIL PARK, CLAREMORRIS, CO. MAYO,  
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 094 - 9378964 or 01 - 6476843)  
or through any bookseller.—————

€2.54

Wt. (B29456). 285. 10/12. Clondalkin Pharma & Healthcare (Glasnevin) Ltd. Gr 30-15